# Cad a chiallaíonn torthaí do thástála smearaidh

(What your smear test results mean)

**Cad é CervicalCheck?** (What is CervicalCheck?)

CervicalCheck – Is seirbhís arna maoiniú ag an Rialtas é an Clár Scagthástála Ceirbheacs a chuireann tástálacha smearaidh ar fáil saor in aisce do mhná idir 25 agus 60 bliain d'aois.

**Cad a chiallaíonn do thorthaí** (What your results mean)

Is féidir le tástáil smearaidh athruithe cille luatha ar an gceirbheacs (muineál na broinne). D'fhéadfadh tástáil smearaidh athruithe cille a aimsiú sula n-iompaíonn siad ina gcealla ailse. Tá sé níos éasca iad a chóireáil, nuair a aimsítear iad go luath. Aimsítear toradh normálta i bhformhór na dtástálacha smearadh. Ná bíodh imní ort má ghlaoitear ar ais ort le haghaidh tástála eile. D'fhéadfadh sé a bheith mar gheall ar ionfhabhtú nó athruithe cille beaga a dteastaíonn nó nach dteastaíonn cóireáil uathu.

**Torthaí nach bhfuil normálta** (Results that are not normal)

D'fhéadfadh do thástáil smearaidh athruithe de ghrád íseal nó d'ardghrád a aimsiú. Tá sé níos cosúla go n-iompóidh athruithe de ghrád íseal ar ais leo féin. Ach, ní dócha go bhfeabhsóidh athruithe ardghráid leo féin, agus d'fhédfadh cóireáil a bheith uathu sula n-iompaíonn siad ar ais go normálta. Má bhíonn aon cheist agat faoi do thoradh, téigh i dteagmháil leis an dochtúir nó altra a ghlac an tástáil.

| Torthaí féideartha do thástála | Cad a chiallaíonn an toradh seo | Cad ar chóir duit a dhéanamh |
|---|---|---|
| **Níor aimsíodh aon mhínormáltacht** | Tá cuma normálta ar chealla an cheirbheacs | Má tú idir 25 agus 44 bliain d'aois beidh do chéad tástáil smearaidh eile agat i dtrí Bliana, a bheidh saor in aisce. Má tá tú idir 45 agus 60 bliain d'aois beidh do chéad tástáil smearaidh eile agat i dtrí nó i gcúig bliana, a bheidh saor in aisce. Gheobhaidh tú litir athchuimhne roimhe. B'fhéidir go mbeidh ort tástálacha smearaidh a dhéanamh níos minice má fhreastail tú ar chlinic colpascópachta nó má theastaíonn athleanúint uait. |
| **Míshásúil nó neamhleor** | Ciallaíonn sé seo nach raibh an t-saotharlann ábalta do thástáil smearaidh a léamh go soiléir | Bíodh athástáil smearaidh agat i gceann trí mhí chun na cealla a sheiceáil arís. |

**Níl an toradh normálta**

______________________________________________________________________________

| | | |
|---|---|---|
| **Tá gráid dhifriúla d'athrú ann**. (féach ar an gcolún sa lár) | **Athruithe de ghrád íseal** | |
| | Ciallaíonn sé seo gur aimsíodh roinnt athrú beaga i gcealla an cheirbheacs. Is minic a iompaíonn siad leo féin. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil ailse ort. | Bíodh athástáil smearaidh agat i gceann sé mhí chun na cealla a sheiceáil arís. Má leanann na hathruithe ar aghaidh, d'fhéadfadh an té a ghlac an smearadh glaoch a chur ort le haghaidh tástála eile a dtugtar colpascópacht uirthi |
| | **Athruithe ardghráid** | |
| | Níl sé chomh dóchúil sin go n-iompóidh siad ar ais leo féin, agus caithfear iad a sheiceáil. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil ailse ort. | Beidh tú atreoraithe le haghaidh tástála eile, a dtugtar colpascópacht air. B'fhéidir go mbeidh roinnt ban a bhfuil na hathruithe seo acu dul faoi chóireáil shimplí d'othar seachtrach. |

**Cén uair is fearr don athástáil smearaidh?** (When is the best time to have a repeat smear test?)

Má ghlaoitear ort le haghaidh athástáil smearaidh, is é an t-am is fearr le dul ná lár an timthrialla, is é sin 10 go 14 lá tar éis an chéad lá de d'fhuil mhíosta (má bhíonn fuil mhíosta agat). Tá an athástáil saor ina aisce.

**Cad is colpascópacht ann?** (What is a colposcopy?)

Ag brath ar do thorthaí, b'fhéidir go mbeidh gá le mionscrúdú a dhéanamh ar an gceirbheacs. Tugtar colpascópacht air seo. Is scrúdú simplí é colpascópacht a ndéantar sa chaoi chéanna is a ndéantar an tástáil smearaidh. Breathnóidh dochtúir nó altra ar an gceirbheacs trí chineál micreascóipe, a dtugtar 'colpacsóip' air. Le linn an scrúdaithe, cuirfear ruaim nó leacht ar an gceirbheacs chun cabhrú le haon athrú ar chealla a aithint. Féadtar colpascópacht a dhéanamh go slán le linn an toirchis.

**Cén fáth a dteastaíonn colpascópacht uaim?** (Why do I need a colposcopy?)

Iarrtar ort scrúdú colpascópachta a bheith agat mar thaispeáin scrúdú colpascópachta go raibh comharthaí d'athruithe ar chealla ar do cheirbheacs (muineál na broinne). D'fhéadfaidís a bheith ina athruithe cille réamhailseacha, agus mar sin is rabhadh luath é go bhféadfadh ailse cheirbheacs tolgadh níos déanaí mura gcóireáiltear na cealla. Leis an scrúdú colpascópachta ligtear don dochtúir nó altra cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil cóireáil ag teastáil nó nach bhfuil.

**Conas a gheobhaidh mé an choinne colpascópachta?** (How will I get my colposcopy appointment?)

Scríobhfaidh do dhochtúir (GP) litir atreoraithe chuig clinic colpascópachta. Tá an t-atreorú agus coinne seo mar chuid den chlár CervicalCheck agus tá siad saor in aisce. Seolfaidh an clinic colpascópachta sonraí maidir le do choinne laistigh de chúpla seachtain. Más mian leat a bheith atreoraithe mar othar príobháideach, ag baint úsáide as d'árachas sláinte príobháideach, beidh ort táille a íoc.

**Cad is bithóipse cheirbheacsach ann?** (What is a cervical biopsy?)

Is éard atá i mbithóipse cheirbheacsach ná sampla beag fíocháin a bhaint ón gceirbheacs i gcomhar é a scrúdú faoi mhicreascóp ionas go bhféadtar na cealla a mheas níos cruinne.

**Cad a tharlaíonn má theastaíonn cóireáil uaim?** (What if I need treatment?)

Má bhíonn athruithe cille ar do cheirbheacs, féadtar iad a chóireáil go héasca ionas nach n-iompóidh siad ina gcealla ailse. De ghnáth, úsáidtear ainéistéiseach logánta don chóireáil sa chlinic ina raibh an colpascópacht agat. Labhróidh an dochtúir ag an gclinic leat faoi do roghanna.

**Tástálacha smearaidh saor in aisce do mhná idir 25 agus 60 bliain d'aois**

(Free smear tests for women aged 25 to 60)

**Saorghlao 1800 45 45 55**

**www.cervicalcheck.ie**

**Is cuid den tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse é CervicalCheck.**

**Sábhálann scagthástáil ceirbheacs beatha ban** (Cervical screening saves lives).

CS/PUB/CC-25 Rev 1